## Nuachtlitir na Míosa

## Mí: Márta 2023

**Imeachtaí agus dátaí tábhachtacha /**

*Events and important dates*

| **Imeacht** / *Event* | **Dáta** | **Ranganna / Múinteoirí** |
|---|---|---|
| **Tráth na gCeist Cairde sa Midleton Park @ 8:00 /** Cairde Quiz night in the Midleton Park @8:00 | 30.03.2023 | **Pobal na scoile/** School community |
| **Leath Lá - laethanta saoire na Cásca** / *Half day - Easter Holidays* | 31.03.2023 | **11:50:** Naí Bheaga & Mhóra<br>**12:00:** R1 – R6 |

**Meabhrúcháin /**

*Reminders*

- **Dátaí tabhachtacha & Suíomh na Scoile** */ Important dates & the School website*

**Mar is eol daoibh táimid ag cur le suíomh greasáin na scoile an t-am ar fad. Úsáidfear an tab Féilire ar an suíomh ghreásáin www.gsmnc.ie chun an nuacht is déanaí a roinnt libh maidir le dátaí tabhachtacha le cur i bhur ndialann ó seo go deireadh na scoilbhliana. Tá an cinneadh tógtha go mbeidh na páistí ag filleadh ar ais ar scoil ar an 30ú Lúnasa 2023. Téir chuig rannóg na dtuismitheoirí chun teacht ar fhéilire na scoile 2023/2024.**

*We are continually adding to the school website. The Féilire / Calendar tab on the school website at* ***www.gsmnc.ie*** *is used to update you of any important dates for your diaries from now until the end of the year. It has been decided that the children will return to school on the 30th of August, 2023. Please see the parents section to access the school calendar for 2023/2024.*

- **Cur i gcuimhne ó Allianz** */ A reminder from Allianz*

**Tá Allianz tar éis impí orainn a chur in iúl do thuistí agus pobal na scoile go rialta go gcaithfidh feitheoireacht chuí a bheith déanta ar pháistí fad is atá siad ar láthair na scoile agus imithe ó chúram na múinteoirí. Ar bhonn árachais níl sé ceadaithe do pháistí a bheith san Astro, sna cúirteanna nó ar láthair na scoile @1:40 nó 2:40 gan múinteoirí ranga nó traenálaithe i láthair**

*Allianz, our insurers, have advised us to regularly remind parents and the school community that children need to be supervised at all times when on school grounds and are no longer in the care of the teachers. For insurance purposes, children are not permitted on the Astro, the courts or anywhere else on the school site @1:40 or 2:40 unless they are being supervised by teachers or trainers.*

- **Club Cúram Leanaí Roimh agus Iar scoile /** *Before and After school care provider*

**Tá Club Spraoi tosnaithe sa scoil. De réir dealraimh tá páistí ag baint taitneamh as agus tá ard-mholadh faighte acu ó fhoireann an Chlub. Tá sé lonnaithe i leath do halla na scoile ó 1:40 - 6:00 gach lá. Tá tuilleadh eolais le fáil ag an nasc thíos faoi Club Spraoi ar Shuíomh Ghréasáin na Scoile.**
*https://www.gsmnc.ie/tuismitheoir/club-spraoi---seirbhs-cram-leana-roimh-and-taris-scoile/*

*Club Spraoi has commenced in the school. By all accounts, the children are enjoying the service and the Club Spraoi staff have been hugely impressed by the students' attitudes and behaviour. It is based in one half of the school hall from 1:40 - 6:00 each day. More information can be found at the link above on the School Website or email Priscilla on info@clubspraoi.ie*

- **Céad Faoistin** */ First Confession*

**Comhghairdeachas leis na páistí go léir i Rang a Dó a fuair a gCéad Faoistin ar Mháirt an 28ú Feabhra i Seipéal an Holy Rosary i Mainistir na Corann @6:00. Bhíodar go hiontach ar an tráthnóna agus táimid ana bhródúil astu. Míle buíochas**

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile /** Other notes | **le múinteoirí Danielle, Méabh agus Clár a d'ullmhiagh iad don ócáid agus le múinteoirí Méabh agus Niamh R1 a sheinn an ceol binn.**<br><br>*Congratulations to the children in 2nd class who received their First Confession on Tuesday the 28th @ 6:00 pm in the Church of the Most Holy Rosary. They were excellent on the evening and we are very proud of them. Many thanks to múinteoirí Danielle, Méabh and Clár who prepared them for the occasion and to múinteoirí Méabh and Niamh for playing the lovely music.*<br><br>• **Cóineartú /***Confirmation*<br><br>**Comhghairdeas leis na páistí go léir i Rang a Sé atá ag dul faoi lámh an Easpaig @1:00 ar Déardaoin an 2ú Márta i Seipéal an Holy Rosary i Mainistir na Corann. Guímid gach rath oraibh ar an lá. Míle buíochas leis na múinteoirí ranga, Katie & Antoinette a d'ullmhaigh iad don ócáid. Buíochas mór chomh maith leis na páistí i gCór na Scoile as ucht an cleachtadh go léir agus le múinteoirí Clár R5, Méabh & Niamh R1 as ucht ceoil a sheinnt ar an lá agus as ucht an ullmhúcháin go léir i dteannta Clár R2 agus Gearóid.**<br><br>*Congratulations to the children in 6th class who will receive their Confirmation on Thursday the 2nd @ 6:00 pm in the Church of the Most Holy Rosary. We wish them well on the day. Many thanks to múinteoirí ranga Katie & Antoinette who prepared them for the occasion. Also many thanks to the children in the School Choir who practised on a weekly basis under the guidance of múinteoirí Clár in 5th & 2nd class and múinteoirí Gearóid and Méabh. Also many thanks to Clár R5, Méabh and Niamh R1 for providing the music on the day.*<br><br>• **Gradam Fís sa Helix** */ Fís Awards in the Helix*<br><br>**Bhí lá iontach againn sa Helix i mBÁC ar Chéadaoin an 22ú Feabhra le R4 Bríd. Comhghairdeas arís le hAisling, Abbie, Harriette, Emily agus Méabh Ní Dh, a bhuaigh Gradam Fís ar son a scannán Cleití Cairdis don Chlár Fáisnéise is fearr. Cuireadh chun cinn iad chomh maith ar son an Cur i Láthair is Fearr agus Baint le hÁbhar an Churaclaim. Bhuaigh siad corn agus Ipad nua ar son na scoile. Táimid an-bhródúil as ucht an éacht atá bainte amach acu. Féach ar an nasc thíos chun an scannán a fheiscint.**<br><br>*Bríd's 4th class had a great day in the Helix in Dublin on the 22nd of February. Congratulations again to Aisling, Abbie, Harriette, Emily and Méabh Ní Dh. who won a Fís Award for the best Documentary for their production, Friendship Feathers. They were also nominated in the Best Production and Best Curriculum Relevance categories. They received a trophy and a new Ipad for the school. We are extremely proud of their achievement. Please click on the following link to access their work https://www.gsmnc.ie/nuachtlitir-845/fseana/*<br><br>• **Craobh an Spelling Bee /** *Spelling Bee*<br><br>**Bhí Craobh Scoile an Spelling Bee ar siúl sa halla ar an Luan, an 27ú Feabhra. Comhghairdeas ó chroí leis na daltaí iontacha seo a leanas a ghlac páirt sa chraobh:**<br><br>*The school Spelling Bee took place in the hall on Monday the 27th of February. Huge congratulations to the following ten students who took part in the final.*<br><br>Tomás ó Sé agus Conchúr Mac Searraigh ó Rang 6 Katie<br><br>Lachlan Ó Sireadáin agus Anna De Búrca ó Rang 6 Antoinette<br><br>Mícheál Mac Mánais agus Jack Ó Tuathaigh ó Rang 5 Maitiú<br><br>Ellen Ní Ghadhra agus Hope Ní Shireadáin ó Rang 5 Clár<br><br>Oisín Ó Conaill agus Conchúr Henn ó Rang 5 Niamh<br><br>**Bhí éacht den scoth déanta acu go léir agus craobh na scoile bainte amach acu. Litrigh siad focail cosúil le onomasiology, cardiomyopathy, psaligraghy, racahout agus dactylology. I ndiaidh go leor babhtaí deacra, bhí an lá le Hope Ní Shirideáin ó** |

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile /** Other notes | **Rang a 5, Clár. Guímid go léir gach rath ar Hope agus í ag glacadh páirte i gCraobh an Chondae sa Radisson san Oileán Beag ar an 22ú Márta! Beir bua!**<br><br>*Huge congratulations to the ten students who reached the school Spelling Bee final. These 5th and 6th class students have spent the last few weeks trawling through lists of very challenging spellings. After many gruelling and nerve wracking rounds, Hope Sheridan from Rang a 5, Clár emerged victorious. We wish her the very best of luck in the County Spelling Bee Final which will take place in the Radisson Hotel on the 22nd of March.*<br><br>• **Seachtain / Coicís na Gaeilge & Mórshiúil Lá le Pádraig /** *Paddy's Day Parade*<br><br>**Tá sé beartaithe réimse leathan gníomhaíochta,i a dhéanamh le linn coicís na Gaeilge ar nós John Spillane ag seinm ceoil, céilithe do NB - R2 agus R3 - R6. Comórtais ealaíne, ardranganna ag múineadh cluichí clóis dos na bunrangana, Bingó Scoile do R1-R3, Tráth na gCeist do R4-R6 agus morán rudaí eile. Don chéad uair le blianta tá sé beartaithe ag an scoil páirt a ghlacadh insan Mórshiúil ar an 17ú Márta. Tá sé beartaithe go mbeidh páistí ónsa hardranganna ag seint an bodhrán agus tuilleadh acu ó foirne peile, camógaíochta agus iománaíochta na scoile ag siúl ina diaidh ag caitheamh éide spórt na scoile, le liathróidí agus camáin srl ina láimh acu. Seolfar ceadúnas ar Aladdin go dtí na páistí is sine go luath chun láitreacht agus líon na bpáistí a chinntiú. Seolfar cuireadh ansin go ranganna eile ag brath ar an mó páiste a bheidh ag glacadh páirt ós na hardranganna.**<br><br>*It is intended to do many activities during Coicís/ Seachtain na Gaeilge. John Spillane will be present playing music and singing with the children. Céilithe will occur with JI - 2nd & 3rd to 6th. Art competitions, senior classes teaching yard games in Irish to the junior classes, School Bingo for 1st-3rd, School Quiz for 4th - 6th and many more activities. For the first time in over a decade, the school will participate in the St Patrick's Day Parade on the 17th. We hope to have a number of senior students playing the bodhrán and members of the school football, camogie and hurling teams following them while wearing the school sports gear and carrying hurleys and footballs etc. These will be followed by other members of the school community. We will send out permission slips on Aladdin shortly to ascertain how many senior students will participate with the school on the day before sending out further invites/ permission will be sent to the next cohort depending on the number of senior students participating.*<br><br>**Duaiseanna le linn na coicíse /** *Prizes during the forthnight*<br><br>**Mar is eol daoibh, bíonn fuílleach comórtais agus gníomhaíochtaí ar siúl le linn Coícís na Gaeilge. Don chéad uair riamh, ní bheidh uibheacha Cásca bronnta mar dhuaiseanna. I mbliana, is pasanna obair bhaile scríofa don tseachtain a bheidh ar fáil. Tá cúpla cúis taobh thiar den chinneadh sin:**<br><br>**- Mar chomhphobal scoile, táimid go léir ag iarraidh a bheith níos sláintiúla leis an mbia atá á ithe againn**<br><br>**- Ar bhonn timpeallachta, b'fhearr linn gan a bheith ag cur leis an méid plaisteach is bruscar a bhaineann leis na huibheacha.**<br><br>**- Ar deireadh, táimid díreach tosaithe ar an 6ú Bhrat Glas atá bainteach le Saoránacht Domhanda. Táimid aireach faoi pháistí atá ag fulaingt timpeall na cruinne ón Úcráin go Siria agus Turcaí go dtí an tSomáil atá mar fhócas ag Trócaire i mbliana. Tabharfar an t-airgead a bheadh caite ar na huibheacha chuig an mbosca Trócaire. Beidh tuilleadh eolais ag teacht ó Rang a 5 Múinteoir Niamh maidir leis an bhfeachtas seo agus leis na 17 Spriocanna Domhanda Um Fhorbairt Inbhuanaithe sa tréimhse 5 seachtaine romhainn amach.**<br><br>*As you are aware, a wide variety of activities and competitions take place throughout Coícís na Gaeilge and it has always been a school tradition to give out Easter Eggs as prizes.This year will see a change to proceedings as weekly written homework passes will be presented instead. There are a number of reasons for this:*<br><br>*- As a school community, we're all attempting to eat more healthily*<br><br>*- From an environmental perspective, we're looking to reduce our production of waste and hence our carbon footprint* |

*- Finally, we're just embarking on our 6th Green Flag which looks at the theme of Global Citizenship. We are more aware than ever of the suffering of children around the world from Ukraine to Syria and Turkey to Somalia which is the focus of Trócaire's Lenten campaign this year. The money that would have been spent on Easter Eggs will now be put in our Trócaire box. Múinteoir Niamh's Rang a 5 will be telling us a little more about the campaign as well as 17 Sustainable Development Goals over the coming five weeks.*

- **Lá Domhanda na Leabhar/** *World Book Day*

**Beidh Lá na Leabhar á cheiliúradh sa scoil inniu ar an 1ú lá de mhí an Mhárta i mbliana de bharr an Cóineartú ar an dara lá. Ta fáilte is fiche roimh chách a bpitseámaí is compordaí a chaitheamh ar an lá sin agus an leabhar is fearr leo a thabhairt isteach chuig an seomra ranga. Beidh meascán de ghníomhaíochtaí deasa ar siúl le linn an lá scoile chun an ócáid seo a cheiliúradh agus tabharfar amach na dearbháin leabhar go léir freisin.**

*World Book Day will be celebrated in the school today on the first of March due to the confirmation being held on the 2nd. Children and teachers are invited to don their favourite PJs and bring their most prized books to school. A variety of enjoyable events will take place over the course of the day and the book vouchers will be distributed to the children this week.*

- **Éadaí don Chéad Comaoineach** */ Clothing for the First Holy Communion*

**Tá sé tagtha chun cinn go bhfuil tuistí ar leith ag iarraidh go gcaithfidh a mbuachaillí culaith ar an 20ú Bealtaine. Tá sé mar nós & traidisiún scoile go gcaitheann na buachaillí éide na scoile le suaitheantas Céad Comaoineach mar tá cuma mhaith air, gearrann sé siar ar chostaisí agus is féidir leis na buachaillí a rogha éadaí a chaitheamh i ndiaidh an searmanais go gcaithfidh siad arís. É sin ráite níl fadhb ag an scoil má tá tuistí ag iarraidh go gcaithfidh a bpáistí culaith ar an lá seachas éide na scoile.**

*It has come to light that some parents would prefer for their boys to wear suits as opposed to the school uniform on the 20th of May. It is school custom and tradition that the school uniform is worn by the boys along with the First Holy Communion emblem/badge as it looks smart, cuts down on cost and the boys can choose clothing for after the ceremony that they will wear again. That said the school has no issue with the wearing of suits if parents feel strongly about it and would like for their sons to wear them on the day.*

- **Athmheascadh Ranganna agus Liostaí** */ Class Configuration and Lists*

**Geobhaidh páistí ó Naíonáin Mhóra, R2, R3 agus R4 a liostaí ar son ainmneacha tar éis deireadh seachtaine Lá le Pádraig. Níl brú ar aon chlann an liosta a líonadh le haimneacha. Is féidir é a fhágaint folamh agus an rogha a fhágaint chuig na múinteoirí. Tá sé tagtha chun cinn chomh maith go bhfuil roinnt pháistí ag labhairt faoi na liostaí i slí nach gcomhlíonann luachanna na scoile de mheas, cairdeas, cineáltas agus comhoibriú. Beidh mé ag dul ó rang go rang go luath chun labhairt faoin gcaint seo agus an tionchar a bhíonn aige ar pháistí eile.**

*Children from senior infants, 2nd, 3rd and 4th classes will receive their name lists after St Patrick's weekend. Families should not feel under pressure to fill the list and if you choose to leave them blank that is perfectly acceptable and the teachers will make the decision. It has also come to light that certain children have been discussing these lists in a way that is unhelpful and that goes against our school values of respect, friendship, kindness and cooperation. I plan to speak with the classes in the coming week about this practice and the negative effect it can have.*

- **Athbhreithniu ar an Epsen Act/** *Review of the Epsen Act*

**Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an an rialtas ar an Epsen Act agus táid ag lorg bhur dtuairimí maidir leis agus deiseanna do pháistí le Riachtanais Oideachais Speisialta teacht ar oideachais ionchuimsitheach trí an suirbhé seo a leanas a líonadh roimh an 3ú Márta.**

*The government are reviewing the Epsen Act and seeking your opinions in relation to Childen with Special Educational Needs and inclusion opportunities in education before the 3rd of March. Please find the survey below.*

*https://dessurveys.education.gov.ie/surveys/epsen-review-for-parents-and-members-of-the-public*

- **Lá Sábháilteachta ar Líne**/ *Safer Internet day*

  **Bhí Lá Sábháilteacha ar Líne ar siúl ar an 7ú Feabhra. Chum múinteoir Katie agus Antoinette suirbhé i dteannta le páistí ó R6 agus scaip siad an suirbhé i measc páistí R3 - R6. Is cúis mhór imní dúinn roinnt mhaith de nana torthaí. Le bhur dtoil úsáid an nasc thíos chug Suíomh Ghréasáin na Scoile chun na torthaí don suirbhé a aimsiú agus eolas ó Dr. Maureen Griffin a fheiscint.**

  *Safer Internet day was held on the 7th of February. Múinteoir Katie along with Antoinette and the 6th class children composed a questionnaire and distributed it among 3rd - 6th class children. The results are a cause for concern for the school community. Please use the following link to access the powerpoint outlining the school's findings of children's internet use and information provided by Dr. Maureen Griffin on internet safety and technology.*

  *https://www.gsmnc.ie/tuismitheoir/eolas-sbhilteachta-idirlne/*

- ***Cúrsa Cycle Right ar Líne do thuistí*** */ Online Cycle Right Programme*

  ***Thíos faigh nasc ar son tuistí & caomhnóirí chuig cúrsa ar líne faoi shábháilteacht rothaíochta ar na boithre elearning.cycleright.ie***

  *See the link above to an online course that has been launched for parents and guardians wishing to explore the skills and road safety training for novice cyclist offered through Cycle Right*

- **Ceardlann an Tocailt Mhór** */ The Big Dig Mobile Excavation Workshop*

  ***Bhí an Scoil Seandálaíochta Éirinn ar láthair na scoile an tseachtain seo caite chun ceardlann tocailte á dhéanamh le gach páiste sa scoil ó Naíonain Bheaga go R6. Bhain na páistí sár taitneamh as an deis foghlama gníomhach agus cinnte beidh siad ar ais linn arís i gceann cúpla bliain.***

  *The School of Irish Archaeology Ireland were onsite all of last week with the Big Dig Excavation workshop for all children in Junior Infants to 6th class. The hands-on learning experience was thoroughly enjoyed by all the children and we will definitely have them back again in a few years time.*

- ***Folláin an Pháiste*** */ Pupil's Wellbeing*

  **Bhí cinneadh tógtha le linn cruinniú an Choiste Folláine i lár mí Feabhra go raibh comhairle phroifisiúnta ag teastáil maidir le bia sláintiúil. Mar sin ní bhainfear aon rud ón app Lunch Bag go dtí go mbeidh an comhairle seo faighte. Mar atá ráite thuas táimid ag bogadh ó sheacláid a bhronnadh mar dhuaiseanna ar ócáidí mhóra seachas ar lá na laethanta saoire. Tá cúpla rud suimiúil beartaithe ag an gcoiste ag díriú ar chorp folláine don tríú théarma. Beidh Taispeantás cócaireachta do R6, Aoine Aireach - Yoga as Gaeilge ar feadh 5 seachtaine don scoil ar fad (10 nóiméad @10 a chlog). Beimid ag díriú ar an bpirimid bhia agus ealaín ar bhia folláine. Seachtain spórt - babhla torhtaí seachas veain uachtair reoite agus aoichainteoirí spóirt a thabhairt isteach chun labhairt faoin dtabhacht a bhaineann le bia sláintiúil don chorp. Táimid fós ag iarraidh a chinntiú nach mbeidh ach treat beag 'fun-size' ar an Aoine.**

  *A decision was taken during the Wellbeing Committee's meeting in the middle of February to seek professional assistance in relation to our healthy lunches' policy. Therefore, the planned streamlining of the menu on the Lunch Bag App will not occur until that advice has been provided. As mentioned above, we are moving away from giving chocolate as prizes or treats on big occasions except for the half days of holidays. The Wellbeing*

| | |
|---|---|
| | *Committee are hoping to organise a few interesting activities focusing on a healthy body and habits during the third term such as cooking demonstrations for 6th class, mindful Fridays for 5 weeks focusing on Yoga through Irish for 10 minutes at 10am. We will also be focusing on the food pyramid, and healthy food art. Fruit bowls will be provided during Sports' week instead of the customary ice-cream van and sports guest speakers will talk about the importance of healthy food to fuel the body. A small* ***fun-size*** *treat is still permitted on Fridays only.*<br><br>• **Calvin Jones an timpeallacht & bitheagsúlacht /** *Calvin Jones - Nature & biodiversity*<br><br>**Beidh Calvin ar scoil ar feadh 7 lá i dtreo deireadh mí an Mhárta ag díriú isteach ar cheachtanna dúlra & bithéagsúlachta leis na páistí go léir. Is scríbhneoir nádúir, údar, agus saineolaí fiabheatha é. Baineann na páistí sár thaitneamh as ceachtanna praiticiúla agus gníomhacha agus Calvin mórthimpeall láithreáin na scoile.**<br><br>*Calvin will be in school for 7 days towards the end of March to focus on the areas of nature and biodiversity with all the school children. He is a freelance nature writer, author, bird watcher and lifelong wildlife enthusiast.. The children always enjoy his practical hands-on activities around the school grounds.*<br><br>***An mhí seo táimid ag díriú isteach ar an luach de CHOMHOIBRIÚ***<br><br>*- This month we are focusing on the value of* ***COOPERATION***<br><br>***Cairde le Chéile ag Foghlaim!***<br><br>*Áine agus foireann na scoile* |
| **Nuacht Cairde /** *News from Cairde* | • **Cruinniú Cairde sa halla ar an 13.03.2023 @ 7:30 /**<br>*Cairde meeting held in the halla on the* 09.01.2023 @ 7:30<br><br>• **Ag tacú le feitheoireacht ar son mórshiúil Lá le Pádraig ar an 17ú Márta ó 3:00 - 4:00**<br>*Assisting with supervision of children during the Paddy's Day Parade on March 17th from 3:00 - 4:00*<br><br>• **Tráth na gCeist ar an 30ú Márta @8:00 in Óstán Mainistir na Corann. €40 ar son bord de cheathrar. Doirse ag oscailt @7:00.**<br>*A Table Quiz is being organised by Cairde as a fundraiser on March the 30th @8:00 in Midleton Park. A table of four will cost €40. Doors open @7:00.*<br><br>**Míle buíochas le Cairde mar /** *Thank you to Cairde for the following*<br><br>• **Píotsa a chur ar fáil do pháistí R6 mar pháirt dá gceiliúradh tar éis an Cóineartú ar Déardaoin an 2ú lá.** *Providing pizzas as part of the 6th class celebration of their Confirmation Day on Thursday the 2nd.*<br><br>• **As ucht íoc as leath de chostas Ceardlann na Tocailte Mhóire do 542 páistí sa Ghaelscoil.** */ Paying half of the cost of the Big Dig Mobile Viking Excavation Workshop for all 542 children in the Gaelscoil.*<br><br>• **Airgead a chur ar fáil chun íoc as leath de chostas 40 páiste i gCór na Scoile dul go dtí Cork Pops.** */ Paying half the cost of the Cork Pop tickets for the 40 children who participated in the School Choir since September.* |
| **Bord Bainistíochta /** Board of Management | • **Ba mhaith leis an mBord Comhghairdeas a ghábhail le Clár Ní Néill ina post nua mar Phríomhoide Cúnta 2 le déanaí. Guímid gach rath uirthi ina ról nua.**<br><br>*The Board of Management wishes to congratulate Clár Ní Néill on her recent appointment as An Assistant Principal 2. We wish her every success in her new role.* |

| | |
|---|---|
| | • ***Ráiteas Um Chumhduch Leanaí agus Measúnú Riosca, uasdátaithe agus daignithe ag an mBord Bainistíochta. Tá an ráiteas seo ar fáil ar shuíomh na scoile faoi rannóg na Polasaithe***<br><br>*The Board of Management updated and ratified the Child Safeguarding Statement and Risk Assessment. They are available on the school website under the Policie's section.*<br><br>• **Ba mhaith leis an mBord a chur in iúl go bhfuil Miontuairiscí Aontaithí ó chruinnithe an Bhoird Bainistíochta ar fáil ar shuíomh ghreásáin na scoile anois ag tosnú leis an scoilbhliain 2022/23 insan rannóg darbh ainm Ár Scoil**<br><br>*The Board of Management wishes to inform the school community that the agreed minutes from the BOM meetings are now available on the school website section, in the Our School, commencing with the school year 2022/23.* |